# Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Leathanach Teidil** | **1** |
| **Clár na nÁbhar** | **2** |
| **Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh** | **3** |
| **Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir** | **4** |
| **1. Feidhm** | **4** |
| **2. Eitic** | **4** |
| **3. Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna** | **5** |
| **4. Cruinnithe an Bhoird** | **5** |
| **5. Dualgas Dearfach** | **5** |
| **6. Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna** | **5** |
| **7. Sonraí Ballraíochta** | **6** |
| ➢ **Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe BOOLC** | **6** |
| ➢ **Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe Choiste Airgeadais BOOLC** | **7** |
| ➢ **Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe Choiste Iniúchóireachta BOOLC** | **7** |
| ➢ **Speansais Chomhaltaí an Bhoird agus Freastal ar Chruinnithe** | **8** |
| **Seirbhísí Eagraíochtúla** | **9** |
| **Achoimre Airgeadais** | **11** |
| ➢ **Straitéis Airgeadais** | **11** |
| ➢ **Cuntasacht Reachtúil** | **11** |
| ➢ **Foinsí Maoinithe** | **11** |
| ➢ **Achoimre Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017** | **12** |
| **Scoileanna** | **13** |
| ➢ **Líon ar Rollaí** | **14** |
| ➢ **Buaicphointí agus Nuálaíocht** | **15** |
| ➢ **Tuairiscí Cigireachta** | **17** |
| **Breisoideachas agus Oiliúint** | **19** |
| ➢ **Comhoibriú le hInstitiúidí eile** | **22** |
| ➢ **Comhpháirtíocht** | **22** |
| ➢ **Tionscnaimh Líonraithe in 2017** | **23** |
| **An Fheidhm um Obair don Ógra** | **25** |
| **Aguisíní** | |
| ➢ **Aguisín 1 Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir: Cláir agus Seirbhísí** | **27** |

**Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh**

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2017 Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir ina dtugtar léargas ginearálta ar ár soláthar le 12 mhí anuas. Tá ár gcáil bunaithe ar rath ár mac léinn agus ar obair agus ar dhúthracht ár mbaill foirne teagaisc, riaracháin agus tacaíochta ba chúis leis an iliomad éachtaí eisceachtúla le linn 2017.

I mí Mheán Fómhair 2017, rinne Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir ceiliúradh ar an gcóiríocht shealadach a oscailt dár n-iar-bhunscoil is nua, Coláiste Pobail Mhungairit, a mbeidh 600 mac léinn ar na rollaí ann ar deireadh.

I mí na Nollag 2017, sheol Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir Ráiteas Straitéise BOOLC le haghaidh 2017–2021. Is toradh de chuid an phróisis comhairliúcháin é ár Ráiteas Straitéise inar tugadh deiseanna do ghrúpa leathan geallsealbhóirí deis chainte a bheith acu inár dtreoir amach anseo agus ina rianaítear an treo atá beartaithe againn thar na chéad 5 bliana eile le teacht i leith ár bhfís a bhaint amach, is é sin "ról ceannais a bheith againn i soláthar oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin".

Is doiciméad fíorshuntasach an Ráiteas Straitéise, ní amháin dúinn uile laistigh den BOOLC, ach, go speisialta, do na pobail a bhfreastalímid orthu ar fud Luimnigh agus an Chláir. Léiríonn sé ár bhfís agus ár ndúthracht don oideachas mar ghné lárnach den fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus phearsanta agus sainmhínítear go soiléir ann na ceithre príomhsprioc a bheidh ag BOOLC thar na chéad chúig bliana eile, is iad sin:

1. Taithí Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí
2. Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta
3. Dea-Rialachas
4. Comhpháirtíocht

Tá an fhreagracht orainn uile, mic léinn, baill foirne, an pobal áitiúil agus ar ndóigh na geallsealbhóirí uile chun oibriú le chéile le cinntiú go mbainfimid amach na torthaí a bhfuil achoimre orthu sa ráiteas straitéise seo. Is éard a bheidh mar thoradh ar na torthaí seo ná go mbeidh an Bord Oideachais agus Oiliúna níos láidre, agus beidh sé níos freagartha go háitiúil agus tabharfaidh sé buntáistí leanúnacha laistigh dár bpobail.

Sna 12 mhí go dtí seo, bhaineamar amach roinnt aschur suntasach amach i ngach ceann de na príomhspriocanna seo, agus tá na buaicphointí mionsonraithe sa tuairisc seo. Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí Bhord BOOLC a thugann, in éineacht le lucht ardbhainistíochta agus baill foirne na heagraíochta, a gcuid ama agus tallann go flaithiúil agus iad ag tacú le bord oideachais agus oiliúna a thógáil a bhféadann ár mic léinn, foghlaimeoirí, pobail áitiúla agus geallsealbhóirí a bheith bródúil as.

**George O'Callaghan, Príomhfheidhmeannach**

**Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir**

**Feidhm Bhord BOOLC**

Is í feidhm ghinearálta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir mar atá luaite san Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ná –

a) scoileanna aitheanta, ionaid oideachais nó áiseanna oideachais agus oiliúna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
b) nuair a ordóidh an tAire dóibh é sin a dhéanamh faoi *alt 20*—
   I. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
   II. ionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
   III. ionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
   IV. áiseanna oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme agus/nó acmhainní a sholáthar dóibh,

c) pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach leo ina limistéar feidhme—
   I. i scoileanna nó in ionaid oideachais aitheanta atá á gcothabháil acu,
   II. in áiseanna oideachas nó oiliúna atá á gcothabháil acu nó a bhfuil acmhainní á sholáthar acu dóibh,
   III. i scoileanna coinneála leanaí,
   IV. i bpríosúin, agus
   V. in áiseanna arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,

d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh, de réir alt 22,
e) scoláireachtaí a bhunú de réir *alt 24*,
f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir *alt 27*,
g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir *alt 47*,
h) comhoibriú le haon chomhlacht a ainmneofar chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánacha a dhéanamh faoi *alt 52*,
i) oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar iarratas ó, agus thar ceann, aon chomhlacht a mhaoiníonn oiliúint as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas don chomhlacht sin,
j) tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin, agus
k) measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an modh ina gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**

Ní mór do gach ball de Bhord Oideachas agus Oiliúna cloí le forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Foráiltear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 go ndéanfadh sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus áititheoirí post ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice a leasanna inchláraithe a nochtadh. Ceanglaítear ar chomhaltaí an

Bhoird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna a sholáthar gach bliain i dtaca le saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar chomhlíonadh feidhmeanna

**Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna**

Cuid 5 44.-(1) Faoi réir alt 45, féadfaidh bord oideachais agus oiliúna coistí a bhunú chun-

a) ceann amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh a mheasann sé a d'fhéadfadh coiste a dhéanamh níos fearr nó níos áisiúla, nó
b) comhairle a thabhairt dó maidir le haon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh agus féadfaidh sé téarmaí tagartha a chinneadh agus nós imeachta aon choiste den sórt sin a rialáil.

Ní bheidh coiste arna bhunú faoi fho-alt (1) comhdhéanta de níos mó ná 12 chomhalta agus féadfaidh sé, faoi réir fho-alt (9) agus fho-alt (12) (c), a bheith comhdhéanta de chomhaltaí nach bhfuil ina mbaill den bhord oideachais agus oiliúna lena mbaineann.

**Cruinnithe Boird**

1. Sceideal 3: Alt 2 (1) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 - faoi réir fhorálacha na míre sin agus alt 31 - tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cibé cruinnithe agus an oiread sin cruinnithe, ag cibé amanna, agus sna háiteanna sin de réir mar is cuí leis.
2. Sceideal 3: Mír 2 (2) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna gach 2 mhí seachas i mí Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.
3. Sceideal 3: Alt 2 (3) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna le linn na tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Iúil agus dar críoch an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

Coinnítear miontuairiscí maidir le cruinnithe Bhoird BOOLC agus glactar leo. Tá taifead de thinreamh gach comhalta maidir le freastal ar chruinnithe Bhord BOOLC agus sonraí a gcuid speansas sa tuarascáil seo.

**Dualgas Dearfach**

Leagtar amach le hAlt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 an Dualgas Dearfach a éilítear ó Chomhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag comhlíonadh ár bhfeidhme, bímid ag féachaint do:

1. Deireadh a chur le hidirdhealú
2. Comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn i gcás ár bhfoirne agus na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh
3. Cosaint chearta daonna ár mball, ár bhfoirne agus na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh

**Ciorclán Uimh. 0018/2015 maidir le Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna**

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 an reachtaíocht phríomhúil a rialaíonn boird oideachais agus oiliúna, agus caithfear é a chomhlíonadh i gcónaí. Cé go leagtar síos treoirlínte maidir le déileáil le cásanna áirithe sa Chiorclán Uimh. 0018/2015 maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna ba cheart glacadh leis go príomha mar shraith chaighdeán do bhaill agus d'fhoireann an Bhoird. Táthar ag súil go gcinnteoidh na baill agus an fhoireann go mbeidh a gcuid gníomhaíochtaí i leith an Bhoird Oideachais agus Oiliúna á rialú i gcónaí ag litir agus ag spiorad na gcaighdeán sin. I gcás ina roghnaíonn Bord gan cloí le forálacha an chóid ba cheart míniú iomlán a thabhairt ag léiriú cén fáth ar beartaíodh é sin a dhéanamh.

Cuireann an Cód Cleachtais creat ar fáil chun dea-chleachtas i rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm sna boird oideachais agus oiliúna. Éilítear ar Bhoird a dhearbhú don Aire Oideachais agus Scileanna go gcomhlíonann siad riachtanais is déanaí an Chóid ina gcleachtais agus ina nósanna imeachta rialachais.

Ba cheart go mbeadh comhaltaí agus baill foirne na mBord Oideachais á dtreorú ag na prionsabail atá leagtha amach i ndoiciméad an Chóid Chleachtais maidir lena bhfreagracht a chomhlíonadh lena chinntiú go gcomhlíonann a gcuid gníomhaíochtaí uile na caighdeáin rialachais chorparáideacha is airde.

## Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir: Ballraíocht 2017

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tUas. | Sean | McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna (2013)<br>**Cathaoirleach – (Lúnasa 2017 ar aghaidh)** |
| An Clr. | Lisa Marie | Sheedy | Údarás Áitiúil Chathair agus Contae Luimnigh:<br>**Leas-Cathaoirleach (Lúnasa 2017 ar aghaidh)** |
| An tUas. | Joan | Aherne | Ionadaí Foirne |
| An tUas. | Tony | Brazil | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUas. | Michael | Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. | Cathal | Crowe | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. | Michael | Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUas. | Mary | Flanagan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013 |
| An Clr. | Liam | Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUas. | Catherine | Haren de Parra | Ionadaí Tuismitheoirí |
| An Clr. | Michael | Hillery | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. | Mary | Howard | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. | Marian | Hurley | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | Gabriel | Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas. | Gordon | Mewis | Ionadaí Foirne * |
| An tUas. | Ann | Nicholas | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna (2013)** |
| An Clr. | Ann | Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir **(Cathaoirleach – Eanáir go Iúil 2017)** |
| An tUas. | Dónal | Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheoirí |
| An Clr. | Richard | O'Donoghue | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | Kieran | O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | Elena | Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Contae Luimnigh **(Leas-Chathaoirleach Eanáir go Iúil 2017)** |

* D'éirigh An tUasal Sean Kennedy as, Ionadaí Foirne, i mí an Mheithimh 2017 agus tháinig an tUasal Gordon Mewis ina áit in 2017

** D'éirigh an tUasal Mary Margaret Vallence as i mí an Mheithimh 2017 agus tháinig an tUasal Ann Nicholas ina háit i mí na Samhna 2017

## Dátaí Cruinnithe BOOLC in 2017

17 Eanáir 2017
28 Feabhra 2017
21 Márta 2017
11 Aibreán 2017
17 Bealtaine 2017
18 Iúil 2017
19 Meán Fómhair 2017

An 24 Deireadh Fómhair 2017
21 Samhain 2017

**Coiste Airgeadais BOOLC**

Tá freagracht ar an gCoiste Airgeadais as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam/caiteachas mórchonarthaí na BOOnna agus ar ghnéithe airgeadais na bpleananna oideachais agus seirbhíse.

**Comhaltaí Choiste Airgeadais BOOLC**

An tUas. Tony Brazil (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Liam Galvin
An Comhairleoir Mary Howard
An Comhairleoir Kieran O'Hanlon
An tUas. Fergus Dunne

**Dátaí Cruinnithe Choiste Airgeadais BOOLC 2017**

3 Bealtaine 2017
7 Meitheamh 2017
13 Meán Fómhair 2017
15 Samhain 2017

**Coiste Iniúchta BOOLC**

Tá Coiste Iniúchóireachta BOOLC freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an bhFeidhmeannas i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna agus soláthraíonn sé dearbhuithe don Choiste maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh.

**Comhaltaí Choiste Iniúchóireachta BOOLC**

Marion Collins – Cathaoirleach
An Comhairleoir Marion Hurley
An Comhairleoir Gabriel Keating
An tUasal Sean McMahon (D'éirigh sé as roimh chruinniú mhí Dheireadh Fómhair nuair a ceapadh mar chathaoirleach an Bhoird é)
An tUas. Declan Phillips
An tUas. Jimmy Browne
An tUas. Kate Haren De Parra (Tháinig ar an gcoiste i mí na Nollag 2017)

**Dátaí Cruinnithe Choiste Iniúchóireachta BOOLC in 2017**

22 Feabhra 2017
22 Márta 2017
3 Bealtaine 2017
7 Meitheamh 2017
28 Meitheamh 2017
13 Meán Fómhair 2017
25 Deireadh Fómhair 2017
13 Nollaig 2017

**Speansais Chomhaltaí an Bhoird agus na Cruinnithe ar Fhreastail Siad Orthu**

Íoctar speansais le comhaltaí an Bhoird chun taisteal chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord. Is mar seo a leanas a bhí na costais chomhiomlána a íocadh le gach comhalta laistigh den dá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2017:

| Comhalta Boird | Cruinnithe Reachtúla | Boird Agallaimh | Freastal ar Chomhdhálach a/Seimineáir | An Coiste Airgeadais/Iniúc hóireachta | Iomlán | Líon na gCruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | |
| An Clr. Mary Howard | 354 | 10,351 | 422 | 88 | 11,214 | 6 |
| An Clr. Ann Norton* | 351 | 6,467 | - | - | 6,818 | 4 |
| An Clr. Kieran O'Hanlon | 294 | 3,904 | 2,247 | - | 6,446 | 7 |
| An tUas. Catherine (Kate) Haren De Parra | 851 | - | 2,710 | - | 3,561 | 8 |
| An tUas. Sean McMahon** | 1,474 | - | 1,247 | 714 | 3,435 | 9 |
| An Clr. Gabriel Keating | 683 | - | 687 | 909 | 2,279 | 8 |
| An Clr. Michael Hillery | 994 | - | 247 | - | 1,241 | 7 |
| An tUas. Mary Flanagan | 345 | 516 | - | - | 861 | 8 |
| An tUas. Sean Kennedy | 291 | - | 330 | - | 620 | 6 |
| An Clr. Liam Galvin | 422 | - | - | 53 | 474 | 8 |
| An Clr. Michael Donegan | 435 | - | - | - | 435 | 7 |
| An tUas. Joan Aherne | 45 | - | 387 | - | 432 | 9 |
| An Clr. Lisa Marie Sheehy | 353 | - | - | - | 353 | 7 |
| An tUas. Mary Margaret Vallence | 182 | - | - | - | 182 | 5 |
| An Clr. Cathal Crowe | 39 | - | - | - | 39 | 5 |
| An tUas. Tony Brazil | - | - | - | - | - | 7 |
| An tUas. Michael Cregan | - | - | - | - | - | 7 |
| An Clr. Marian Hurley | - | - | - | - | - | 8 |
| An Clr. Richard O'Donoghue | - | - | - | - | - | 5 |
| An tUas. Donal Ó hAiniféin | - | - | - | - | - | 3 |
| An Clr. Elena Secas | - | - | - | - | - | 8 |
| Iomlán | €7,114 | €21,238 | €8,276 | €1,763 | €38,391 | |

An Comhairleoir Ann Norton* Cathaoirleach BOO Luimnigh & an Chláir, Eanáir 2017 go Iúil 2017

An tUasal Sean McMahon** Cathaoirleach BOO Luimnigh agus an Chláir Lúnasa 2017 go Nollaig 2017

**Seirbhísí Eagraíochtúla**

I mí na Nollag 2017, sheol Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a Ráiteas Straitéise 2017–2021, ina leagtar síos treoir shoiléir dár gcláir oideachais agus oiliúna, dár n-obair óige agus dár bhfeidhmeanna reachtúla eile sna cúig bliana amach romhainn. Bhí próiseas comhairliúcháin ann maidir le ceapadh an Ráitis agus tugadh deis do bhoird bhainistíochta, baill foirne, foghlaimeoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe pobail agus comhlachtaí ionadaíocha lucht gnó, tionscail agus fostóirí i Luimneach agus sa Chlár a dtuairimí a thabhairt faoin treo a rachaimid sa todhchaí. Tá sé bunaithe ar ár bhfís chun caighdeán na foghlama agus na beatha inár réigiún a fheabhsú. Leagtar béim sa ráiteas straitéise seo freisin ar an ról a bheidh ag an údarás chun freastal ar riachtanais phearsanta, shóisialta, eacnamaíochta agus infhostaitheachta ár bpobail. Tá an t-údarás fós tiomanta feabhas leanúnach a dhéanamh ar a chuid seirbhísí i gcomhthéacs Chlár Athchóirithe Seirbhísí Poiblí an Rialtais. Laistigh de Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir, déanann an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maoirsiú ar bhainistiú acmhainní BOOLC ar fud na Rannóg Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadas, TFC agus Caipiteal agus Soláthar.




Is é ról na Stiúrthóireachta um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ná ceannas a thabhairt ar sheachadadh tionscnamh riaracháin eagraíochtúil agus straitéiseach (struchtúir, polasaí, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha) a fheabhsaíonn cumas an BOOLC na ceithre sprioc a sheachadadh a bhfuil achoimre orthu sa Ráiteas Straitéise agus dea-chleachtas a chinntiú i dtéarmaí Rialachas Corparáideach BOOLC. Déantar é seo i gcomhar leis na Scoileanna agus leis na Stiúrthóireachtaí BOaO.




Agus an fheidhm Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil ag obair ar fud gach ceann de na ceithre sprioc, tá sé mar aidhm tuilleadh luacha a chur leis an BOOLC de bhun feabhsú ar pholasaithe, córais agus próisis rannpháirtíochta fónta agus chomhleanúnach trína gcinntítear go bhfuil an BOOLC comhlíontach leis an reachtaíocht, go meallann sé agus go gcoinníonn sé baill foirne ardchaighdeáin, go léiríonn sé scoth an rialachais, agus go dtacaíonn sé le baint amach fhís an BOOLC mar atá sainithe sa Ráiteas Straitéise.  Is ar rath an BOOLC a tógadh iarracht thiomanta na

foirne ó rinneadh an cónascadh in 2013 agus ceann de na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin chun Ráiteas Straitéise BOOLC a fhorbairt ná an tábhacht a bhain le timpeallacht oibre thacúil, chomhoibríoch, shlán agus shláintiúil a sholáthar don fhoireann uile. Tá an téama seo le feiceáil i *Sprioc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta.* Ghlac BOOLC leis na polasaithe seo a leanas in 2017.

| Polasaí | Dáta Ceadaithe |
|---|---|
| • Polasaí Bainistíochta Riosca | 17 Eanáir 2017 |
| • Polasaí Mí-Úsáide Substaintí<br>• Turais Oideachasúla Scoile, Turais eile srl. | 16 Bealtaine 2017 |
| • Plean Gnó Bainistíochta Riosca | 13/09/2017 (An Coiste Iniúchta) |
| • An Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta<br>• Polasaí Bainistíochta Taifead<br>• Sceideal Coinneála Taifead<br>• Beartas Litearthachta Choláiste Pobail Thuamhan<br>• Beartas Iontrála Choláiste Pobail Thuamhan<br>• Beartas Uimhearthachta Choláiste Pobail Thuamhan<br>• Beartas Riachtanas Speisialta agus Tacaíochta Foghlama Choláiste Pobail Thuamhan<br>• Beartas Poncúlachta Freastail Mac Léinn Choláiste Pobail Thuamhan | 19 Meán Fómhair 2017 |
| • Polasaí um Fháilteachas agus Bronntanais | 25 Deireadh Fómhair 2017 |
| • Polasaí Úsáide Inghlactha BOOLC | 21 Samhain 2017 |

Rinneadh dul chun cinn maith le clár feabhsúchán le linn 2017, lena n-áirítear réitigh ríomhghnó a aithint agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis reatha, agus tá an BOOLC fós tiomanta feabhas leanúnach a dhéanamh ar a chuid seirbhísí i gcomhthéacs Chlár Athchóirithe Seirbhísí Poiblí an Rialtais agus an chreata polasaí a foilsíodh le déanaí (Nollaig 2017), *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*. D'oibrigh BOOLC ar roinnt príomhthéamaí agus tionscnamh i rith 2017, lena n-áirítear:

- **Ráiteas Straitéise BOOLC 2017–2021 a Fhorbairt agus a Fhoilsiú.** D'éascaigh an Fhoireann Forbartha Straitéise Inmheánach é seo faoi cheannas an Stiúrthóra Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin ná cruinnithe agus fócasghrúpaí chomh maith le suirbhé ar líne dírithe ar réimse leathan geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.
- Ullmhúchán le haghaidh achtú an **Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)** i mí na Bealtaine 2018. Is é fócas an RGCS ná cuntasacht a éileamh ó eagraíochtaí sa chaoi a mbailíonn agus a phróiseálann siad sonraí pearsanta
- Feidhmiú na ndualgas reachtúla BOOLC faoi alt 21 de **na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha), 2012 go 2016** (An tAcht Grinnfhiosrúcháin) i ndáil le grinnfhiosrúchán siarghabhálach ar bhaill foirne teagaisc, baill foirne neamhtheagaisc agus baill foirne eile nach ndearnadh grinnfhiosrúchán Garda orthu roimhe seo agus a thugann faoi obair nó gníomhaíochtaí iomchuí le leanaí nó le daoine leochaileacha. Is éard a bhí san áireamh leis seo ná cinntiú go ndéantar grinnfhiosrúchán siarghabhálach ar an uile bhall foirne BOOLC (baill foirne teagaisc, neamhtheagaisc agus baill foirne eile) nach ndearnadh grinnfhiosrúchán Garda orthu roimhe.
- Leis an gcomhthionscnamh idir an fheidhm Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, chinntigh na Rannóga BOaO agus Scoileanna gur fhreastail os cionn 100 ball foirne ar cheardlanna arna n-éascú ag IBP sa Bhainistíocht Riosca. Ba iad na catagóirí ball foirne a d'fhreastail ná Ionadaithe Sláinte agus Sábháilteachta, Baill Foirne Chúntacha agus Cúnaimh Ghinearálta, Adhmadóireacht, Teicneolaíocht, Eolaíocht agus Cleachtóirí Foghlama Eacnamaíochta Baile.

- Tacú leis na **"Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017"**, lena n-áirítear treoir a chur ar fáil do scoileanna i ndáil lena ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le Ráitis ar Leanaí a Chosaint.
- **Seirbhísí comhroinnte.** Táthar ag leanúint den fhorbairt ar chreat oibre um sheirbhísí comhroinnte náisiúnta le haghaidh BOOanna i leith feidhmeanna párolla agus airgeadais, agus san idirlinn, tá an BOOLC ag leanúint le dé-chóras airgeadais a úsáid atá á fheidhmiú ó aistríodh na hIonaid Oiliúna SOLAS roimhe seo i Ráithín agus i Sionainn chuig an BOOLC ar 1 Iúil 2014.

**Straitéis Airgeadais**

Is é cuspóir na Feidhme Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse a bhaint amach laistigh den bhuiséad. Áirítear le tacaíocht airgeadais tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheartaíochta agus cuntasacht reachtúil

**Cuntasacht Reachtúil**

Tá riachtanais dhiana chuntasachta i gceist le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Áirítear leis na ceanglais sin ullmhú na gcuntas bliantúil i bhformáid atá forordaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus iniúchadh na gcuntas sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá córais rialaithe airgeadais i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin agus chun go mbainfear amach na cuspóirí go héifeachtach.

**Foinsí Maoinithe:**

Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) go príomha a thugann maoiniú do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh chun a chláir dara leibhéal a chur ar fáil agus is iad SOLAS agus ROS a chuireann maoiniú ar fáil do chláir bhreisoideachais agus oiliúna. Fuarthas maoiniú le haghaidh tionscadal áirithe ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais eile freisin in 2017, lena n-áirítear:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta
- An tAontas Eorpach.
- Tiomsaítear airgead freisin trí mhuirir a ghearradh ar sheirbhísí mar tháillí teagaisc, cíos na seomraí agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil.

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh gach bliain ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chuireann tuarascáil ar mhaoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais. B'fhiú €143,519,396 fáltais an BOOLC don dá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2017. As na fáltais uile in 2017, ba i ndáil leis an gClár Caipitil a bhí €12,932,614 díobh.

**Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh:** De réir scálaí pá a cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna, íocadh €146,404 leis an bPríomhfheidhmeannach (gan ÁSPC an Fhostóra san áireamh) sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017. (Is éard atá sa tsuim seo ná buntuarastal €124,261 agus riaráiste €22,143). Fuair an Príomhfheidhmeannach costais taistil intíre €9,530 in 2017 agus rinne sé taisteal thar lear chun críocha gnó an BOOLC le linn 2017 a bhfuair sé costais taistil eachtraigh €3,116 ina leith. Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim shainithe neamh-mhaoinithe pinsin na hearnála poiblí agus ní mó na teidlíochtaí pinsean ná na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoin scéim.

**Achoimre Airgeadais BOOLC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017**

**Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir**

**Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017 ***

| | An bhliain dar críoch 31/12/2017 | An bhliain dar críoch 31/12/2016 |
|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | **€** | **€** |
| Deontais d'Iar-Bhunscoileanna agus don Cheannoifig | 69,177,687 | 64,383,469 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 52,376,515 | 50,733,289 |
| Deontais i leith Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 3,000 | 3,000 |
| Deontais i leith Seirbhísí Óige | 2,462,327 | 2,167,794 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe | 6,567,253 | 6,582,673 |
| Deontais Chaipitil | 12,932,614 | 5,718,144 |
| | 143,519,396 | 129,588,369 |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Iar-Bhunscoileanna & an Cheannoifig | 68,947,392 | 64,176,217 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 50,469,225 | 52,567,707 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | - | 44,173 |
| Seirbhísí Óige | 2,427,456 | 2,162,564 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe | 6,645,928 | 5,611,419 |
| Caipiteal | 12,332,326 | 4,300,862 |
| | 140,822,327 | 128,862,942 |
| **Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse** | 2,697,069 | 725,427 |
| **Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile** | (3,272,577) | (681,289) |
| **Barrachas Ioncaim Fabhraithe/(Easnamh) don Tréimhse** | (575,508) | 44,138 |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail an 1 Eanáir** | (80,029) | (154,491) |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail an 31 Nollaig** | (655,537) | (110,353) |

*** Tabhair do d'aire go bhfuil an Ráiteas Oibriúcháin BOOLC don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag tráth foilseacháin Thuarascáil Bhliantúil 2017 BOOLC.**

**Scoileanna**

Tá Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as ocht gcinn déag d'iar-bhunscoileanna i Luimneach agus sa Chlár a bhainistiú agus a reáchtáil (chomh maith le Coláiste Iar-Ardteistiméireachta mór amháin, Coláiste Breisoideachais Luimnigh a mhaoinítear trí Rannóg Iar-Bhunscolaíochta an ROS). In 2017 bhí Rollachán Scoileanna BOOLC os cionn 41% den Fhigiúr Foriomlán Rollacháin don Réigiún. Cuireann scoileanna BOOLC timpeallacht fháilteach, chuimsitheach ar fáil, tá siad tiomanta do bharr feabhais sa teagasc agus sa bhfoghlaim, cuireann siad ceannaireacht láidir scoile ar fáil mar aon le cultúr scoile a chuireann fáilte roimh daoine agus tá siad tiomanta do chinntiú go mbainfidh gach mac léinn amach a acmhainn nó a hacmhainn.

Oibríonn Rannóg na Scoileanna go dlúth leis an bhfeidhm Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta agus leis na Rannóga Breisoideachais agus Oiliúna chun na ceithre sprioc a sheachadadh de réir mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir. Is iad sin:




Is é aidhm fhoriomlán na seirbhísí oideachais scoileanna ná luach a chur le scoileanna aonair de bhun réimsí tacaíochtaí a sholáthar chun tuilleadh feabhais a chur le heispéireas an mhic léinn. Baintear é seo amach i gcomhairle le Príomhoidí ag aithint réimsí tosaíochta, na riachtanais chórasacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus chomh maith trí chomhpháirtíocht leis na príomhsholáthraithe ó na seirbhísí tacaíochta ROS, amhail an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Foireann na Sraithe Sóisearaí, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, agus comhlachtaí eile cuí.

Thug na Seirbhísí Oideachais tacaíochtaí chomh maith trína bhfoireann inmheánach tacaíochta sna réimsí seo a leanas:

- Creat oibre um ionchuimsitheacht a fhorbairt dár mic léinn
- Comhairle agus tacaíocht maidir le pleanáil curaclaim agus oideachais
- Tacaíocht agus treorú foirne tacaíochta do mhic léinn
- Achomhairc faoi Alt 29
- Próiseas um ghearáin do thuismitheoirí
- Tacaíocht le Féinmheastóireachta Scoile agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile
- Tacaíocht do mhic léinn i mbaol
- Tacú le glór na mac léinn
- Oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta

Tugann an BOOLC tacaíocht do scoileanna aonair chun a ról sna pobail a fheabhsú trí chomhoibriú agus cumarsáid mhéadaithe leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí, eagraíochtaí áitiúla spóirt agus pobail agus eagraíochtaí deonacha. I measc na gclár atá ar fáil i Scoileanna Iar-bhunscoile BOOLC tá:

- An Teastas Sóisearach
- Cláir Idirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cláir Ardteistiméireachta Fheidhmí

Áirítear ar na hábhair atá ar fáil ar an gcuraclam scoile eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic (STEM), teangacha, daonnachtaí agus ealaíona ar leibhéil Shóisearacha agus Shinsearacha araon. Dírímid ar fhorbairt iomlánaíoch ár ndaltaí agus ar an ábhar sin spreagaimid iad chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim lena n-áirítear spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán.

Leanann scoileanna Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir de chohórt suntasach mac léinn iar-bhunscoile a mhealladh agus le linn na bliana scoile 2016/2017, bhí rollachán iomlán na mac léinn suas 192 mac léinn i gcomparáid leis na rollacháin ón mbliain acadúil roimhe.

| Líon Daoine ar Rollaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir amhail an 30 Meán Fómhair 2016 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Scoileanna** | | CSTS | Sóis. | Sins. | IAT | GCAT | CATF | Iomlán |
| **70830N** | Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir | 88 | 157 | 94 | 130 | 36 | 33 | 538 |
| **70840Q** | Gairmscoil Inis Díomáin, Co. an Chláir | 16 | 122 | 18 | 20 | 57 | 0 | 233 |
| **70860** | Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl, | 0 | 115 | 38 | 0 | 69 | 0 | 222 |
| **70880 F** | Pobalscoil Naomh Iósaf, Cill Chaoi, | 0 | 83 | 13 | 27 | 53 | 0 | 176 |
| **70900I** | Coláiste Pobail na Scairbhe, Co. an Chláir | 0 | 244 | 70 | 0 | 90 | 0 | 404 |
| **70901 K** | Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua. | 0 | 299 | 191 | 0 | 70 | 0 | 560 |
| **71700 F** | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh | 0 | 241 | 102 | 0 | 84 | 0 | 427 |
| **71790J** | Coláiste Dheasmhumhain, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh | 67 | 109 | 73 | 0 | 91 | 30 | 370 |
| **71840 V** | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 50 | 363 | 197 | 90 | 150 | 18 | 868 |
| **71850B** | Coláiste Collchoile, Drom Collachair. | 0 | 294 | 116 | 34 | 92 | 21 | 557 |
| **71930W** | Coláiste Breisoideachais Luimnigh, | 0 | 0 | 0 | 1064 | 0 | 0 | 1064 |
| **76061W** | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | 154 | 113 | 82 | 0 | 109 | 12 | 470 |
| **76070A** | Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg | 31 | 174 | 75 | 80 | 139 | 18 | 517 |
| **76073G** | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh | 0 | 666 | 257 | 0 | 297 | 0 | 1220 |
| **76075 K** | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt. | 0 | 134 | 12 | 19 | 62 | 0 | 227 |
| **76093M** | Coláiste Íde agus Iósaf, Mainistir na Féile. | 72 | 315 | 157 | 0 | 125 | 17 | 686 |
| **76101I** | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí. | 0 | 317 | 282 | 0 | 0 | 0 | 599 |
| **76414G** | Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis | 268 | 0 | 80 | 0 | 104 | 41 | 493 |
| | **IOMLÁN** | **746** | **3746** | **1857** | **1464** | **1628** | **190** | **9631** |

| Rollacháin Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir: 30 Meán Fómhair 2017 agus Tuarthaí Mheán Fómhair 2018 | | | |
|---|---|---|---|
| **Scoileanna** | | **Iarbhír 30/09/17** | **Tuartha 30/09/18** |
| **70830N** | Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir | 525 | 566 |
| **70840Q** | Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 258 | 270 |
| **70860W** | Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir | 218 | 224 |
| **70880 F** | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir | 128 | 130 |
| **70900I** | Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir | 406 | 417 |
| **70901 K** | Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir | 549 | 553 |
| **71700 F** | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh | 418 | 427 |
| **71790J** | Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh | 339 | 344 |
| **71840 V** | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 840 | 804 |
| **71850B** | Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh | 539 | 513 |
| **71930W** | Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Luimneach | 1081 | 1081 |
| **76061W** | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | 480 | 470 |
| **76070A** | Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg | 449 | 441 |
| **76073G** | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh | 1213 | 1224 |
| **76075 K** | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir | 201 | 197 |
| **76093M** | Coláiste Íde agus Iósaf, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | 695 | 733 |
| **76101I** | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach | 613 | 634 |
| **76414G** | Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Maoilis, Luimneach | 489 | 519 |
| **76476 F** | Coláiste Pobail Mhungairit | 92 | 215 |
| | **IOMLÁN** | **9533** | **9762** |

**Buaicphointí 2017**

**Coláiste Pobail Nua i Mungairit**

Tar éis páirt a ghlacadh i bpróiseas pátrúnachta na Roinne Oideachais le haghaidh scoileanna nua i gCeantar Luimnigh, bronnadh ar BOOLC pátrúnacht an Choláiste Pobail nua Neamh-ainmnithe i Mungairit ar 3 Samhain 2016. Reáchtáladh oíche faisnéise do mhic léinn ionchasacha go déanach in 2016 agus d'fhreastail i bhfad os cionn 600 duine air. Ceapadh an tUasal Liam O'Mahoney mar Phríomhoide ar an scoil nua i Mungairit i mí Feabhra 2017. Reáchtáladh an oíche rollacháin don scoil Dé Máirt 28 Feabhra. Bhí an chéad chruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta Eatramhaigh Dé Céadaoin 22 Feabhra, agus cuireadh tús láithreach le hobair ar ráiteas misin, éide agus polasaithe. Beidh an chóiríocht shealadach don scoil nua lonnaithe ar an láthair reatha ar a bhfuil Scoil Oideachas le Chéile Luimnigh i Mungairit.

Chláraigh 92 mac léinn trí Chóras Comónta Iarratas Luimnigh le haghaidh mhí Mheán Fómhair 2017. Bunaíodh Bord Bainistíochta Eatramhach agus fuarthas oiliúint ón BOOLC i leith an róil seo. Bhuail an Bord Eatramhach uair sa mhí chun ceisteanna a bhrú ar aghaidh amhail éide scoile, creat oibre polasaí agus forbairt gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Beidh an chóiríocht shealadach don scoil nua lonnaithe ar an láthair reatha ar a bhfuil Scoil Oideachas le Chéile Luimnigh i Mungairit. Osclaíodh Coláiste Pobail Mhungairit do mhic léinn De Máirt, 29 Lúnasa. Ba éacht shuntasach é ó dháta fógartha na pátrúnachta go raibh an scoil faoi lánseoil chun mic léinn a thabhairt isteach i mí

Mheán Fómhair 2017. Ní mór buíochas a ghabháil leo siúd uile a thacaigh leis an gcloch mhíle seo i bhforbairt Choláiste Pobail Mhungairit. Rinneadh cuid mhaith tuairisciú ar an oscailt sna meáin chumarsáide. Tá an Bord Bainistíochta nua bunaithe agus tá an scoil ag obair go gníomhach le cinntiú go bhfuil an deis ag mic léinn a bhfuil cónaí orthu sa cheantar a n-oideachas iar-bhunscolaíochta a chríochú sa phobal áitiúil.

**Ráiteas Straitéise BOOLC:** Reáchtáladh seisiúin chomhairliúcháin ar fhorbairt an phlean straitéisigh cúig bliana don BOOLC i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2017 le mic léinn, tuismitheoirí agus Boird Bhainistíochta. Éascaíodh seisiúin le foirne lucht sinsearach bainistíochta scoileanna. Bhí na seisiúin chomhairliúcháin uile mar bhonn eolas d'fhorbairt fhoriomlán an Ráitis Straitéise.

**Cruinniú Fhóram na bPríomhoidí:** Mar phobal scoileanna, déanann Stiúrthóir na Scoileanna éascú ar roinnt cruinnithe le linn na bliana acadúla chun aghaidh a thabhairt ar réimsí nua atá ag teacht chun cinn agus chun pleanáil d'fheidhmiú an churaclaim nua, do pholasaithe agus do nósanna imeachta. Is é ról Sheirbhísí Oideachais BOOLC ná luach a chur leis an obair atá déanta cheana féin ag scoileanna ar fud an phobail. Ba iad seo a leanas dátaí na gcruinnithe in 2017: 24 Eanáir, 27 Aibreán, 13 Meitheamh, 11 Meán Fómhair & 24 Samhain. Mar chuid den phróiseas seo, tugadh faoi roinnt ábhar a phlé, lena n-áirítear pleanáil oideachais, socrú amchláir agus pleanáil curaclaim don tSraith nua Shóisearach, teagmhais chriticiúla i scoileanna a bhainistiú, an tSamhail nua Leithdháileadh Acmhainní de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Oiliúint do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, Ráiteas Straitéise BOOLC, Forbairt Polasaí, Treoirlínte Tús Áite do Leanaí, Féilire Oiliúna, Oiliúint do Cheannairí Bliana. Pléadh agus aontaíodh dréachtchlár oiliúna do Chúntóirí Riachtanas Speisialta. I measc na réimsí eile ar tugadh aghaidh orthu bhí an tSraith Shóisearach nua agus pleanáil le haghaidh 17/18.

Chun tacú le Príomhoidí le dúshláin na ceannaireachta agus na bainistíochta, rinneadh seachadadh ar chlár oiliúna **Gluaiseacht tríd an gComhrac** ar scileanna eadráin i mí na Samhna agus mí na Nollag 2017. Tá tuilleadh tacaíochtaí beartaithe

**Clár ionduchtúcháin do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí nua:** Ó mhí Feabhra 2016, rinneadh naoi gcinn déag de cheapacháin nua dár bhFoirne Ardbhainistíochta inár scoileanna. Tá clár ionduchtúcháin beartaithe le haghaidh lár mhí Lúnasa 2017 agus tá tuilleadh seisiún ag an gcéim phleanála. Cuireadh clár ionduchtúcháin ar fáil do 17 de cheapacháin nua dár bhFoirne Ardbhainistíochta ar fud ár scoileanna ar 17 & 18 Lúnasa. Tá tuilleadh seisiún agus tacaíochtaí beartaithe.

**Clár Náisiúnta Ionduchtaithe an ETBI do Phríomhoidí agus do Leasphríomhoidí:** Reáchtáladh Clár nua Ionduchtúcháin Náisiúnta do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua-cheaptha sa Mhuileann gCearr ar 26 agus 27 Meán Fómhair. Rinneadh 130 Príomhoide agus Leas-Phríomhoide a cheapadh ar fud na Scoileanna BOO. Tá tuilleadh seisiún beartaithe.

**Teagasc Oideachais Speisialta:** I mí Mheán Fómhair 2017, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Samhail nua Teagaisc Oideachais Speisialta de bhun Chiorclán 0015/2017. Gluaiseann an tsamhail leithdháileacháin ar shiúl ón riachtanas go mbeadh measúnú síceolaíochta ar mhic léinn go dtí córas ina leithdháiltear na hacmhainní ar na mic léinn a bhfuil an riachtanas is mó acu. Ar mhaithe le tacú le scoileanna BOOLC fís an oideachais ionchuimsithigh a bhaint amach de réir an achoimre san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004, is é sin *"chun foráil a dhéanamh go mbeidh an ceart céanna ag daoine le riachtanais oideachais speisialta leas agus buntáiste a bhaint as an oideachas cuí céanna is atá ar fáil dá bpiaraí nach bhfuil na riachtanais chéanna acu"*, bunaíodh tascghrúpa le pearsanra Seirbhísí Oideachais, BOOLC, Príomhoidí, an NCSE, Coláiste Mhuire gan Smál agus Ionad Oideachas Luimnigh.

**Oiliúint do Chúntóirí Riachtanas Speisialta:** Mar chuid de na tacaíochtaí do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, d'fhorbair Grúpa Oibre um Riachtanais Speisialta Oideachais le Príomhoidí agus baill foirne na

Seirbhísí Oideachais féilire oiliúna do Cúntóirí Riachtanas Speisialta. In 2016, reáchtáladh suirbhé ar riachtanais oiliúna le Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus tá aghaidh á thabhairt san fhéilire oiliúna ar na réimsí a sainaithníodh. Cuireadh oiliúint ar fáil mar seo a leanas:

- Clár ionduchtúcháin do Chúntóirí Riachtanas Speisialta nua,
- Oiliúint Athbheochan Chardascamhógach/Uath-dhífhibrileora Sheachtraigh d'Aosaigh agus Phéidiatraiceach,
- Bainistíocht ar Thinnis Chomónta Leanaí Déardaoin 22 Meitheamh. Tá sé seo mar chuid den phlean leanúnach oiliúna.

Rinneadh sraith cúig Cheardlann do Chúntóirí Riachtanas Speisialta a éascú in Ionaid Oideachais Luimnigh agus an Chláir i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair inar tugadh aghaidh ar réimsí amhail an Cód Cleachtais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, Iompair Dhúshlanacha a Thuiscint, Cosaint Leanaí agus Treoirlínte Frithbhulaíochta.

**Seimineár Idirghníomhaireachta um Dhea-Chleachtais i Ranganna Speisialta ASD:** Tá trí scoil ag BOOLC a bhfuil Soláthar ASD iontu. Reáchtáladh seimineár dea-chleachtais i gcomhpháirtíocht le BOO Chiarraí le haghaidh Iar-Bhunscoileanna le hAonaid ASD Dé hAoine, 20 Deireadh Fómhair. Rinne scoileanna a bhfuil soláthar ASD acu a n-eispéireas a roinnt i dtaobh eispéiris foghlama ardchaighdeáin a sholáthar do mhic léinn agus bhí deis ann féachaint ar an bhféidearthacht cur chuige comhpháirtíochta a thógáil i leith seirbhísí tacaíochta amhail Urlabhra agus Teanga, Teiripe Saothair sa soláthar le haghaidh mic léinn ASD le seirbhísí míchumais an FSS.

**Foireann Tacaíochta do Mhic Léinn:** Rinne an tOifigeach Tacaíochta Síceolaíochta éascú ar na Cruinnithe Tacaíochta agus Maoirseachta leis na foirne aonair tacaíochta do mhic léinn agus leanann na foirne de bheith réamhghníomhach ó thaobh tacú le mic léinn i mbaol. Bhuail na comhordaitheoirí tacaíochta do mhic léinn le chéile faoi dhó in 2017 (Aibreán agus Nollaig).

Reáchtáladh an 23 Bealtaine in Óstán an Radisson Blu **Comhdháil d'Fhoirne Tacaíochta do Mhic léinn** le haghaidh comhaltaí foirne tacaíochta do mhic léinn mar aitheantas ar a ndúthracht ó thaobh tacú le mic léinn i mbaol féinghortú agus fadhbanna meabhairshláinte. Dhírigh an chomhdháil ar na príomhábhair imní a sainaithníodh ar fud an réigiúin, ina raibh an méid seo a leanas san áireamh ann: straitéisí chun measúnú a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a bhfuil dinimicí imní, dúlagair agus teaghlaigh i gceist leo amhail teaghlaigh chumaisc, neamhoird itheacháin agus fadhbanna ó thaobh ceangail. Rinne Bronagh Starrs, BA Dip Síciteiripe MIAHIP, ar teiripeoir í a bhfuil saineolas aici sa réimse seo, éascú ar an gceardlann scileanna-bhunaithe a bhí dírithe ar rannpháirtithe scileanna a shealbhú chun idirghabháil a mheasúnú agus a phleanáil agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an toradh, ag díriú ar: Measúnú Caidreamhach, Imní & Dúlagar agus Neamhoird Itheacháin. Dhírigh sé, go háirithe, ar iompair chasta mac léinn faoi thionchar bhrú shaol an teaghlaigh, na meáin shóisialta agus an cultúr indibhidiúlachais rud a chothaigh méadú suntasach sa streachailt shíceolaíoch do dhaoine óga. Tá forbairt na nÁbhar do Theagmhais Chriticiúla ag teacht chun críche.

**An tSraith Shóisearach Nua:** Tá ár scoileanna ag glacadh páirt agus ag reáchtáil an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach Cnuas-Bhunaithe a sholáthraíonn Foireann na Sraithe Sóisearaí chun Tacú le Feidhmiú Chreat Oibre na Sraithe Sóisearaí. Fuarthas aiseolas dearfach ó na seisiúin. Tá tuilleadh seisiún beartaithe chun an tSraith nua Shóisearach a thabhairt isteach.

**Ceannas ar an gCreat um Fhoghlaim agus Teagasc:** Leanann Creat Oibre Ceannas ar an gCreat um Fhoghlaim agus Teagasc BOOLC de thacaíocht a thabhairt do scoileanna chun caighdeán eispéiris foghlama ár mac léinn a fheabhsú. Rinneadh cuairteanna aonair ar gach scoil chun tacú le Féinmheastóireacht Scoile, DEIS agus an creat oibre LAOS do scoileanna. Rinneadh seisiúin a éascú do Cheannairí Curaclaim ar fud ár scoileanna ar 19 Eanáir agus 21 Meán Fómhair chun tacú le dea-chleachtas a roinnt agus le líonrú.

**Tuairiscí Cigireachta**

| Dáta | Scoil | Cigireacht |
|---|---|---|
| 31/05/2017 | Coláiste Pobail na hInse | Meastóireacht Scoile Uile |
| 13/09/2017 | Coláiste Chaladh an Treoigh | Meastóireacht Scoile Uile |
| 30/09/2016 | Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | Corpoideachas |
| 07/12/2016 | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh | Eacnamaíocht Bhaile |
| 06/06/2017 | Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir | Grafaicí Deartha agus Cumarsáide & Grafaicí Teicniúla |
| 09/02/2017 | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir | Matamaitic |
| 30/09/2016 | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir | Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) & Léann na Tógála (MTWCS) |
| 16/06/2017 | Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh | Matamaitic |
| 06/06/2017 | Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir | Grafaicí Deartha agus Cumarsáide & Grafaicí Teicniúla |

**Comhpháirtíocht idir BOOLC agus PDST:** Mar chuid den chomhaontú comhpháirtíochta idir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus an BOOLC, soláthraíodh tacaíochtaí le haghaidh comhordaitheoirí OSPS agus OSSP inár scoileanna. Sannann na scoileanna múinteoir a bhfuil inniúlacht acu sa réimse, agus feidhmíonn siad mar Chomhordaitheoir don bhliain. Reáchtáladh cruinniú Comhordaitheoirí i dTeach Marshal ar 28 Samhain. Ba é cuspóir an chruinnithe ná tús a chur le pleanáil le haghaidh na n-athruithe atá le teacht agus comhordaitheoirí a chumasú leis na scileanna a theastaíonn chun ceannas a thógáil ar an tionscnamh seo. Mar chuid den chomhoibriú, reáchtáladh ceardlanna le haghaidh comhordaitheoirí OSPS ar fud ár scoileanna ar 30 agus 31 Eanáir in Óstán an South Court. Tá tuilleadh seisiún beartaithe.
Clúdaíodh na réimsí seo a leanas;

- Aidhmeanna agus Cuspóirí OSPS
- Réasúnaíocht don teagasc OSPS
- Modheolaíochtaí i dteagasc an OSPS
- Cur chuige eispéireasach i seachadadh an OSPS
- Acmhainní agus suíomhanna idirlín úsáideacha le haghaidh an OSPS
- Ábhar cúrsa don OSPS trí bliana ag an TS
- Leithdháileadh ama do theagasc an OSPS
- FGL ar fáil ón PDST le haghaidh múinteoirí OSPS

**Oiliúin Bord Bainistíochta:** Ba é Stiúrthóir na Scoileanna agus an tUasal Mary Garvey a rinne éascú ar an oiliúint le haghaidh Bhord Bainistíochta nua-bhunaithe ar Choláiste Pobail Thuamhain Dé Céadaoin 15 Feabhra. Tá tuilleadh oiliúna beartaithe.

- Rinne Stiúrthóir na Scoileanna agus Oiliúnóirí an Bhoird Bainistíochta seisiún le haghaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí a éascú ar 23 Samhain 2017 sna réimsí seo a leanas: an tSraith Shóisearach Nua, Folláine, Féinmheastóireacht Scoile, Féachaint ar ár Scoileanna, Samhail le haghaidh Teagasc Oideachais Speisialta agus Féinmheastóireacht Boird. Aontaíodh ábhair le scaipeadh agus le cur faoi bhráid na mBord Bainistíochta agus déanfaidh Ardbhainistíocht na Scoileanna iad a sheachadadh sna scoileanna aonair. In 2017, rinne Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir agus Fóram Réigiúnach an Iarthair Láir um Scileanna tionscadal píolótach Comhghuaillíocht STEM nuálaíoch a fhorbairt, an chéad cheann dá chineál in Éirinn, ina raibh os cionn 30 cuideachta páirteach ann ar fud Luimnigh agus an Chláir, chomh maith le 19 n-iar-bhunscoil. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo, atá faoi cheannas lucht tionscail, spreagadh a thabhairt do dhaoine óga a bheith gníomhach in agus suim a chur in STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht

agus Matamaitic), agus déanfar clár a sheachadadh a mbeidh Scoileanna an Údaráis, Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOaO), lena n-áirítear Ógtheagmháil agus IAT sa réigiún páirteach ann. Beidh an clár chun tosaigh ar chreat oibre a sheachadadh ar an bpolasaí náisiúnta oideachais a fhéadann tionscnaimh agus fóraim ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta glacadh leo. I measc samplaí de na gníomhaíochtaí, beidh: –

- Leis an straitéis 'Scoileanna a Uchtú', déanfar nasc idir scoileanna ina mbainfidh foghlaimeoirí sna scoileanna an-leas as cuairteanna rialta 'Buail le heolaí/innealtóir/matamaiticeoir/saineolaí TF' (ina gcuid scoileanna agus ar chuairteanna ar shuíomh an tionscail), ina bhforbraíonn na foghlaimeoirí caidreamh le saineolaithe sa réimse STEM.
- Spreagadh a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí a bheith páirteach i réimse tionscnamh STEM faoi cheannas institiúidí tionscail agus oideachais ar fud an réigiúin, mar shampla Luimneach don Innealtóireacht agus Luimneach don TF, Féile Eolaíochta Luimnigh agus Thiobraid Árann, Seachtain na nInnealtóirí, An tSeachtain Códúcháin srl.
- Caidreamh a bhunú le lucht gnó agus tionscail STEM (tríd an líonra Luimneach don Innealtóireacht agus Luimneach don TF), scoileanna, Ógtheagmháil, Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOaO), agus institiúidí ardoideachais, agus leis an bpobal STEM i gcoitinne, agus dá réir cultúr comhoibrithe a chothú i leith na foghlama gairmiúla san oideachas STEM.
- FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) do lucht Gairmthreorach agus múinteoirí sna disciplíní STEM seachadta ag gairmithe STEM i dtimpeallachtaí tionsclaíocha éagsúla.

**Breisoideachas agus Oiliúint**

Bunaíodh SOLAS faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 chun bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do straitéis chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna a sheachadadh ag na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna). Tá obair na Rannóige Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) in BOOLC tacaithe ag an treoir straitéiseach a leagtar amach i Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS (2014–2019) agus i bPlean Corparáideach SOLAS (2017–2019). Déantar an obair seo a oibriú go háitiúil trí Chreat Oibre Straitéiseach Rannóg BOaO BOOLC 2015–2020 agus trí Ráiteas Straitéise BOOLC 2017–2021.




Laistigh den chomhthéacs seo agus ag obair go dlúth le réimsí páirtithe, lena n-áirítear SOLAS, an ROS, an RGFCS, na Páirtithe Fiontraíochta agus Pobail, déanann Rannóg BOaO BOOLC réimse clár a sheachadadh (cláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha araon) in os cionn 300 suíomh i Luimneach agus sa Chlár. Oibríonn Stiúrthóir an BOaO go dlúth le Stiúrthóir na Scoileanna agus leis an Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbartha Eagraíochta chun na ceithre sprioc a sheachadadh de réir mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir.




Ba bhliain é 2017 a bhí an-ghnóthach agus anr-athúil don Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna agus d'fhreastail iomlán 25,092 Tairbithe ar 2,645 áit chúrsa ar fud 300 suíomh i Luimneach agus sa Chlár. In 2017, d'eisigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) 6,982 teastas d'fhoghlaimeoirí BOaO i 33 cinn d'ionaid i Luimneach agus sa

Chlár, is é sin fuair 1,567 dámhachtain mhóra agus fuair 5,415 dámhachtain comhchoda. Astu seo uile, bhain 71% de na foghlaimeoirí BOaO amach a gcreidiúnú cúrsa ina iomláine.

**Achoimre ar Sholáthar BOaO in 2017**

| 25,092 Tairbhithe BOaO in 2017 | |
|---|---|
| **Soláthar Páirtaimseartha** | |
| Grúpaí um Litearthacht d'Aosaigh | 2846 |
| ESOL | 892 |
| DTOAB | 241 |
| TFO | 2719 |
| Scileanna don Obair | 470 |
| Oideachas Pobail | 4160 |
| Oiliúint Tráthnóna | 4137 |
| Uaireanta Comhair | 1967 |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 225 |
| Ceardlanna um Cheartas | 23 |
| Clár Athlonnaithe Dídeanaithe | 95 |
| **Soláthar Iomlán Páirtaimseartha** | **17775** |
| **Soláthar Lánaimseartha** | |
| Printíseachtaí | 1258 |
| Cúrsaí Oiliúna | 289 |
| Oiliúint Nasc-chúrsaí agus Bonnchúrsaí | 29 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 239 |
| Tionscnamh Oiliúna Áitiúla | 313 |
| Soláthar Iar-Ardteistiméireachta (IAT) | 2702 |
| Oiliúint Sainscileanna | 998 |
| SDOG | 898 |
| Ógtheagmháil | 591 |
| **Soláthar Iomlán Lánaimseartha** | **7317** |

**Réimsí Foghlama:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Agriculture, Horticulture & Mariculture | 15 | Hairdressing, Beauty & Complementary Therapies | 30 |
| Animal Science | 11 | Health, Family other Social Services | 136 |
| Arts & Crafts | 39 | Information Technology | 17 |
| Built Environment | 70 | Management | 1 |
| Business, Administration | 102 | Manufacturing | 32 |
| Core ICT | 48 | Media Graphics Communications | 25 |
| Core Personal | 933 | Research and Education-Training | 2 |
| Engineering | 6 | Sales & Marketing | 14 |
| Engineering (Electrical) | 7 | Science and Technology | 2 |
| Engineering (Mechanical) | 51 | Security, Guarding & Emergency Services | 19 |
| Engineering (Transport) | 24 | Skills Sampling, General Learning & Core Personal | 11 |
| Entrepreneurship | 3 | Sport and Leisure | 24 |
| Financial Services | 8 | Tourism | 9 |
| Food and Beverage | 20 | Transport, Distribution & Logistics | 61 |
| General Learning | 915 | Web Development & Design | 10 |

Mar chuid dá phróiseas bliantúil pleanála agus tuairiscithe, cuireann an rannóg BOaO Tuarascáil Bhliantúil chuimsitheach ar fáil a chuirtear faoi bhráid SOLAS. Seo a leanas roinnt buaicphointí ó thuarascáil bhliantúil 2017:

In 2017, thug Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir faoi **phróiseas fairsing athbhrandála**. Ó rinneadh cónascadh in 2013, agus ó aistriú na n-ionad oiliúna SOLAS in 2014, tá obair shuntasach déanta go hinmheánach chun ár n-obair a chur in iúl. Bhí roinnt mearbhaill ann fós, áfach, i measc an phobail i gcoitinne agus geallsealbhóirí seachtracha. Mar thoradh air seo, chuamar i mbun ár n-ainm a thabhairt cothrom le dáta agus a chur in iúl, agus aitheantas nua aonair corparáideach a chruthú dár soláthar agus dár ngnó lárnach: Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir. Cuid lárnach dó seo is ea coimirce bhranda le cinntiú gur feidhmíodh go leanúnach é ar fud an ábhair margaíochta/cumarsáide uile agus ar fud ár suíomhanna uile. Mar thoradh air seo, fuair gach Campas BOaO comhartha nua de réir an bhranda chorparáidigh seo.

Seoladh **suíomh idirlín Breisoideachais agus Oiliúna** was i mí na Samhna 2017 (www.learningandskills.ie) a fhéachann ar scóip sholáthar an Údaráis ar fud Luimnigh agus an Chláir agus ag díriú ar Fhoghlaimeoirí, Pobail agus Lucht Fiontraíochta. Feidhmíonn sé ar ardán WordPress, tá sé comhoiriúnach do ghleásanna móibíleacha agus tá an cumas aige comhtháthú leis na príomhardáin uile meán sóisialta. Ceann de na príomhghnéithe den suíomh idirlín na á an áis chomhtháite a chuireann ar chumas foghlaimeoirí poitéinsiúla cuardach a dhéanamh ar gach cúrsa BOaO atá á thairiscint ag Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir.

I mí Mheán Fómhair 2017, sheol Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir **Creat Oibre um Rannpháirtíocht Fiontraíochta BOaO 2017–2020**, tar éis comhairliúcháin fhairsinge agus comhráití pleanála ag Foireann Pleanála tras-seirbhíse, ar a raibh príomh-bhainisteoirí ón soláthar páirtaimseartha agus lánaimseartha BOaO, chomh maith le Comhordaitheoirí Faisnéise BOaO, Earcaíochta agus Seirbhíse Tacaíochta Gairmthreorach. Is éard a dhéanfaidh an cur chuige soiléir agus comhoibríoch seo i leith na rannpháirtíochta fiontraíochta ná ár n-éifeachtúlacht a fheabhsú, próifíl BOaO a ardú leis na príomhpháirtithe agus fostóirí, agus mar thoradh air beidh torthaí dearfacha ann d'fhoghlaimeoirí agus don gheilleagar réigiúnach.

Bunaíodh **Seirbhís Tacaíochta um Rannphairtíocht Lucht Fiontraíochta (EESS)** chun tógáil ar an gceangailteacht ar fud na Rannóige BOaO maidir le Rannpháirtíocht Fiontraíochta, agus chun pointe teagmhála lárnach a chur ar fáil chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar an réimse soláthair agus seirbhísí BOaO d'fhostóirí. Déanfaidh sé éascú ar chomhráite leanúnacha le fostóirí, fostaithe, agus fóraim scileanna mar fhreagairt ar riachtanais scileanna agus oiliúna a sainaithníodh sa réigiún. Bainfidh an tseirbhís leas as faisnéis réigiúnach i leith scileanna chun deiseanna forbartha scileanna a éascú de bhun printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus soláthar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ).

**Printíseachtaí agus Oiliúnaithe**: In 2017 bhí 1258 tairbhithe ar phrintíseachtaí BOaO agus bhí 289 tairbhithe ar chúrsaí oiliúna. Léirigh trí na figiúirí clárúcháin go raibh méadú 32% ann, agus méadú géar 141% i líon na bprintíseachtaí mná idir 2016 agus 2017. Ba é Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir an chéad BOO a chuir tús leis an **gClár nua Náisiúnta Leibhéal 6 Printíseachta Commis Chef** tríd an Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais.

Ag leanúint ar aghaidh ó sheoladh an **Phlean Gnímh BOaO um Fhoghlaim Feabhsaithe ag Teicneolaíocht (2017–2020),** bunaíodh foireann feidhmiúcháin chun tacú le forbairtí nua TEL ar fud an tsoláthair BOaO agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Chinn an fhoireann dhá fho-ghrúpa TEL a bhunú chun feidhmiú an Phlean Gnímh TEL a bhrú chun cinn. Dhírigh obair ar ghnímh Fo-Ghrúpa 1 ar chumas digiteach na Foirne agus na bhFoghlaimeoirí, agus is é fócas Fho-Ghrúpa 2 ná nuálaíocht agus comhoibriú.

Is é an príomhfhócas atá ag **an gCreat Oibre BOaO um Theanga, Litearthacht agus Uimhearthacht (2017–2020)** ná TLU a chomhtháthú le soláthar príomhshrutha BOaO. Díreoidh an fhoireann Forfheidhmiúcháin Teanga,

Litearthachta agus Uimhearthachta ar dtús ar uirlisí measúnaithe a shainaithint le húsáid ar fud an tsoláthair BOaO, agus tá sraith FGL ar Theanga, Litearthacht agus Uimhearthacht beartaithe le haghaidh na mball foirne BOaO uile. In 2017, rinneadh píolótú ar roinnt tionscnamh chun an Teanga, Litearthacht agus Uimhearthacht a chomhtháthú le cláir phríomhshrutha agus sholáthar na seirbhísí Litearthachta BOaO tacaíochtaí scileanna litearthachta, uimhearthacht agus léinn don soláthar printíseachta sna hIonaid BOaO, ar champais an Ráithín agus na Sionainne, agus bhí torthaí an-dearfacha ann dóibh siúd uile a bhí páirteach ann.

In 2017, lean Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir de chathaoirleacht a dhéanamh ar Ghrúpa Stiúrtha Foghlama Luimnigh, grúpa comhpháirtíochta il-earnála atá tiomanta do Luimneach a chur chun cinn mar Réigiún Foghlama. I mí Mheán Fómhair 2017, **bhí Luimneach ar cheann de na 16 chathair, ina measc cúig cinn eile san Eoraip, a fuair an Duais Cathair Foghlama UNESCO** ag an tríú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Cathracha Foghlama, i gCorcaigh.

**Comhoibriú le hinstitiúidí eile**

Tagraíonn comhoibriú le hinstitiúidí eile do sheirbhísí teagaisc a sholáthraíonn BOOLC do raon eagraíochtaí oideachais, oiliúna agus seirbhísí sóisialta. Tar éis próisis iarratais, leithdháileann an Roinn Oideachais agus Scileanna uaireanta teagaisc ar raon eagraíochtaí agus tionscadail. Le linn 2017, bhí 1,967 tairbhithe ann san iomlán trí uaireanta comhoibrithe. D'oibrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhar le líon mór eagraíochtaí nó institiúidí eile trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar. I measc na n-eagraíochtaí bhí Ionaid Oiliúna Pobail agus Ceardlanna, Aonad Oideachais Phríosún Luimnigh agus Scoil Cheoil Luimnigh. Soláthraíodh uaireanta comhoibrithe in 2017 tríd an Oifig BOaO i gcomhpháirtíocht le réimse grúpaí, lena n-áirítear Scoil Chaitríona Nic Amhlaidh, Seirbhísí Sóisialta Luimnigh, Céim ar Chéim, agus Coiscéim, Tionscadail Óige éagsúla, lena n-áirítear Seirbhís Óige Luimnigh, Maoin Cheoil, Seirbhís an Chláir d'Imircigh agus Scoil Speisialta Naomh Anna in Inis.

**Comhpháirtíocht**

De bhreis ar an gcomhar foirmiúil atá ann trí sheirbhísí teagaisc a sholáthar, ceann de thosaíochtaí straitéiseacha Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus Chláir is ea oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara i Luimneach agus sa Chlár. Chuige sin, comhoibríonn BOOLC le raon comhlachtaí poiblí agus le heagraíochtaí deonacha agus pobail. Téann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i dteagmháil go rialta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tá siad ina mball de Choistí Forbartha Pobail Áitiúla na nÚdarás Áitiúil i Luimneach agus sa Chlár. Oibríonn an BOOLC freisin go dlúth leis na Cuideachtaí Comhpháirtíochta áitiúla (Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir, Acmhainní Luimnigh Thiar, Forbairt Bhealach Eabhra agus Comhpháirtíocht Paul) chomh maith le hionadaithe a bheith acu ar Chomhlachtaí Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo.

Oibríonn an BOOLC go dlúth leis na hÚdaráis Áitiúla i Luimneach agus sa Chlár ar roinnt tionscnamh, lena n-áirítear:

- Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais (IOOF): Faoi cheannas Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir (BOOLC), tacaithe le maoiniú a fuarthas ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Fuair an tIonad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais duais de chuid Insitiúid um Sheirbhísí Cóiríochta na hÉireann i Loch Garman i mí Eanáir 2017. Tugann an duais aitheantas dóibh siúd atá brú caighdeáin arda chun cinn sa tionscal Fáilteachais agus dhírigh na critéir mholtóireachta ar chaighdeáin sláinteachais, glaineachta agus néatachta na bhfoirgneamh iarratais. Bhuaigh an IOOF Dámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil i mí na Samhna 2017, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh as ucht a gClár Athnuachana: Samhail na bealaí chun fostaíochta sa tionscal fáilteachais agus lónadóireachta. Cuireann na Dámhachtainí

um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil an dea-chleachtas i láthair i leith an rialtais áitiúil agus aithníonn na scileanna, an obair chrua, an nuálaíocht agus an spreagadh laistigh den rialtas áitiúil.

- San Earnáil Fáilteachais & Turasóireachta, reáchtáladh comhráití agus cruinnithe le Bainisteoirí Ginearálta agus le Bainisteoirí–Úinéirí san earnáil Fáilteachais chun scileanna amach anseo sa réigiún a dheimhniú. Mar thoradh air sin, bunaíodh Líonra Oiliúna Fáilteachais agus san áireamh ann tá an tIonad Oiliúna Fáilteachais, Cónaidhm na nÓstán Éireannach agus an RAI. Ó na cruinnithe a reáchtáladh go dtí seo, sainaithníodh oiliúint scileanna i réimsí a chlúdaíonn Acmhainní Daonna, Comhlíontacht, Scileanna Digiteacha, Bainistiú Coimhlinte, Ceannaireacht agus Bainistíocht.

- Bunaíodh Music Generation Chathair Luimnigh in 2013 agus tá sé á bhainistiú ag Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Chathair Luimnigh, faoi stiúir Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Luimnigh, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Scoil Cheoil Luimnigh, Mol Foghlama Luimnigh, Líonra Oscailte de Bhunscoileanna DEIS, Iar-bhunscoileanna DEIS, RTÉ Lyric FM, Seirbhísí Óige, Acadamh Ceoil Peter Dee agus Ionad Ceoil Ord an tSlánaitheora. Úsáidtear cumhacht an cheoil sa tionscadal mar bhealach cuimsithe trína dtagann daoine óga ó gach cearn den chathair le chéile chun a gcuid taithí a roinnt eatarthu agus comhoibriú go cruthaitheach.

- Seoladh Music Generation an Chláir ar an 8 Samhain 2014 agus tá sé d'aidhm aige deiseanna cuimsitheacha léirithe agus foghlama a sholáthar do dhaoine óga an Chláir. Is í Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil an Chláir a bhainistíonn Music Generation an Chláir, faoi stiúir Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Chláir, Ollscoil Luimnigh, Ionad Oideachais an Chláir agus Cumann Naomh Uinseann de Pól.

- Luimneach ag Foghlaim: Tá an BOOLC agus Údarás Áitiúil Luimnigh ina mbaill de Ghrúpa Stiúrtha Luimneach ag Foghlaim. Fóram comhpháirtíochta is ea é sin atá tiomanta do chultúr foghlama a chruthú i Luimneach. Tá sé comhdhéanta de chomhpháirtithe reachtúla, áitiúla, agus gnó mar aon le comhpháirtithe pobail agus deonacha a bhfuil ról acu maidir le Foghlaim i Luimneach. Tá cuspóir Luimneach ag Foghlaim tugtha go soiléir ina Phlean Straitéiseach nua 2018–2022: Cabhrú le Luimneach a Fhás mar Cheantar Foghlama, a seoladh i mí na Samhna 2017. Ceann de príomhghníomhaíochtaí de chuid Luimneach ag Foghlaim ná an Fhéile Foghlama bhliantúil a reáchtáladh don 7ú bliain as a chéile i mí Aibreáin 2017

- Ag leibhéal réigiúnach, rinne Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir cathaoirleacht ar Fhóram Scileanna Réigiún an Iarthair Láir in 2017 (MSRSF, faoi chathaoirleacht OL agus ITL roimhe seo), a fheabhsaíonn próifíl na hearnála BOaO leis an iliomad páirtí agus gnó atá aige.

**Tionscnaimh Líonraithe in 2017**

- **Freagra BOaO/RGFCS ar Cheantair Lag-Eacnamaíocha – Oiliúint Rannpháirtíochta Fiontraíochta:** Mar thoradh ar na sonraí POS a eisíodh maidir le ceantair ard-dífhostaíochta i Luimneach, rinne an Rannóg BOaO agus an RGFCS comhoibriú ar thionscnamh in St. Munchin's Northside i gCathair Luimnigh ina bhfuil ceann de na ceantair is mó díothacht agus dífhostaíocht sa Chathair. Eagraíodh Clár Fiontraíochta Gruaigeadóireachta Leibhéal 5 den DCCÉ in Ionad Pobail & Fiontair Naomh Munchin, ag díriú ar 15 rannpháirtí ina raibh meascán de rannpháirtithe ar an Scéim Fostaíochta Pobail agus cuardaitheoirí poist. Thug an tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (IRGSS) tacaíochtaí breise. Ba chuid lárnach den oiliúint é taithí oibre i salóin ghruagaireachta.


- **Todhchaí na hÉireann a Chothú:** Tá tionscnamh seo tar éis cuideachtaí Éireannacha sa tionscal miondíola agus bia a thabhairt le chéile leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun oiliúint i scileanna réamhfhostaíochta a thairiscint do dhaoine óga dífhostaithe idir 18 agus 24 bliain d'aois. I gcomhar le Intreo agus Wyeth Nutrition, reáchtáladh seimineár "Saol na hOibre" san Ionad BOaO ar Champas Ascaill Uí Chonaill i mí an Mhárta 2017. Bhí an tionscnamh seo ina dheis uathúil do rannpháirtithe caidreamh gníomhach díreach a bheith acu le gairmithe Acmhainní Daonna agus Tionscail, chun leas a bhaint as a saineolas, agus a n-eispéireas féin a fháil ar na réimsí ról atá ar fáil san earnáil bia agus miondíola.
- Tá forbairt déanta ag an **Ionad BOaO ar Champas Eastát Tionsclaíoch na Sionainne**, i gcomhar leis an gcomhlacht áitiúil cothabhála eitleán Lufthansa Technik ar chúrsa nua deisiúcháin Struchtúr chun freastal ar an éileamh san earnáil. Tá an táthúchán ina chúrsa a bhfuil an-éileamh air i measc foghlaimeoirí agus fostóirí; tá ráta socrúcháin fostaíochta lánaimseartha 90% ann.
- In Ionad BOaO Champas Bhaile Chill Mocheallóg, seoladh **Mol Baalbek, ar Spás Oibre Comhionaid pobail nua é.** Is é aidhm an tionscnaimh seo ná caidreamh a chothú le lucht fiontraíochta áitiúla agus spás a sholáthar san Ionad le haghaidh idir seisear agus ochtar duine gnó/fiontraí/gnólacht nuathionscanta chun oibriú ann.
- Rinne **Diageo** comhoibriú tríd an gclár **'Foghlaim don Saol'** leis an Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais chun Cúrsa Oibríochtaí Beáir a sheachadadh in 2017. Tá sé mar aidhm aige go sealbhódh daoine óga scileanna le haghaidh an tionscail fáilteachais chun fíordheiseanna fostaíochta a sholáthar agus fás jabanna amach anseo a éascú. Is é an IOOF an t-aon ionad sa tír a bhfuil Diageo ag obair leo ag an tráth seo. Bhí **rath mór** ar an gCúrsa Oibríochtaí Beáir 2016 agus tá **ráta fostaíochta 76% ann don ghrúpa seo**.
- **Dianchampa do Chúntóirí Léirithe –** Rinne Stiúideo Troy, Oiliúint Scáileáin Luimnigh agus an Rannóg BOaO, i gcomhpháirtíocht le Universal Cable Productions, clár Dianchampa oiliúna do Chúntóirí Léirithe a reáchtáil le haghaidh daoine nua sa tionscal. **Ní cúrsa é** an Dianchampa seo a bhfuil an-cháil air, **ach oiliúint poist**, mar dhianchlár dhá lá fíorshaoil atá deartha chun tuiscint iomlán agus phraiticiúil a fháil ar ról an Chúntóra Léirithe Oifige, Seit agus Suímh. Mar chuid den chlár, chríochnaigh na rannpháirtithe clár aon lae ar Sábháilteacht & Sláinte arna thairiscint ag BECTO, agus arna chreidiúnú faoin Scéim Sábháilteachta Pas BBC/BECTU/PACT/Táirgeadh Scileanna.
- Is comhoibriú straitéiseach é **Scéim Tacaíochta Fostaíochta Óglaigh na hÉireann (DFESS)** idir an Roinn Cosanta, Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Óglaigh na hÉireann & BOOanna. Seoladh an cúrsa i nDún an tSáirséalaigh i mí na Bealtaine 2017, agus bhí 14 rannphairtí ann idir aois 18 agus 24. Tá soláthar oiliúna deich seachtaine mar chuid den scéim, ina bhfuil timpeall ceithre seachtaine d'oiliúint arm-bhunaithe ag na Fórsaí Cosanta, measctha le 6 seachtaine d'oiliúint oideachas-bhunaithe eagraithe agus seachadta tríd an Ionad BOaO, Campas an Ráithín. Is é an deimhniú a fhaightear ná in: Safe pass - seachadta thar ceann Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir in Ionad Oiliúna Thrá Lí; HACCP – seachadta & eisithe ag Cór Lónadóireachta Óglaigh na hÉireann; Teastas Freastail i leith Bun-Oiliúint Leighis – seachadta ag Óglaigh na hÉireann; Soláthar STEPS – Teastas críochnaithe agus Teastas Leibhéal 5 um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i bhFaisnéis agus Riarachán 5N1389 – Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir.

**An Fheidhm um Obair don Ógra**

Is faoi choimirce Stiúrthóir na Scoileanna a thagann an fhorbairt ar an Soláthar Oibre don Óige i mBord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir. Tá achoimre san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ina bhfuil sainmhíniú ar obair óige mar atá leagtha amach san Acht um Obair don Aos Óg, 2001, ar phríomhról na hearnála reachtúla maidir le tacú le forbairt clár agus seirbhísí oibre don aos óg agus ar chomhordú níos fearr le seirbhísí eile do dhaoine óga a chur chun cinn. Is é feidhm reachtúil Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir, mar atá leagtha amach san Acht, ná 'tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin'.

Tá sé mar fhís ag Creat Polasaí na hÉireann do Leanaí & Daoine Óga 2014–2020 – Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile " *go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí."* Chun an fhís seo a bhaint amach, déantar cur síos ar chúig thoradh sa Chreat Oibre, agus ní mór go dtreoródh sé an polasaí ar fud an Rialtais chun iad seo a bhaint amach don uile leanbh agus don uile dhuine óg. Tá achoimre thíos ar na Torthaí Náisiúnta do Leanaí[1] agus Daoine Óga.

[1] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014) Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creat Polasaí na hÉireann do Leanaí & Daoine Óga (2014–2020). Foilseacháin an Rialtais: Baile Átha Cliath. Le fáil ag: http://dcya.gov.ie/documents/cypp_framework/BetterOutcomesBetterFutureReport.pdf




**Coiste BOOLC um Obair don Óige**

I mí Dheireadh Fómhair 2015 agus de réir Alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, bhunaigh BOOLC Coiste Oibre Óige BOOLC a dhéanfaidh moltaí do Bhord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna

> *(j) tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin*
> *(k) measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an modh ina gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.*

Bhuail Coiste BOOLC um Obair don Óige le chéile i mí Feabhra, Bealtaine, Meán Fómhair agus Nollaig, 2017. Tá an Clr Ciarán O'Hanlon ina chathaoirleach ar an gCoiste um Obair don Aos Óg agus tá ionadaithe ag na heagraíochtaí seo a leanas air.

- BOOLC x 3 Ionadaí
- Seirbhís Óige Luimnigh
- Seirbhís Óige an Chláir

- Banóglaigh na hÉireann (ball neamhvótála)
- Foróige (Bainisteoir Cheantar an Deiscirt) (ball neamhvótála)
- Gasóga na hÉireann
- TUSLA an Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach
- Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
- Rannán Gharda Síochána an Chláir
- Comhairle na nÓg an Chláir x 2 bhall (vóta ag duine acu)
- Comhairle na nÓg Luimnigh x 2 bhall (vóta ag duine acu)
- Fóram Óige Chathair Iomlán Luimnigh

Agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna reachtúla maidir le hobair don óige, oibríonn foireann oifigeach óige BOOLC i gcomhpháirtíocht le raon gníomhaireachtaí tábhachtacha, deonacha agus reachtúla (féach thíos) a bhfuil ról acu i soláthar seirbhísí do dhaoine óga sa réigiún.

**I measc na mbuaicphointí eile le linn 2017, bhí:**

Le linn 2017 – rinne an BOOLC roinnt iarratas ar thionscadail bhreise chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a thréaslaigh leis na hoifigigh óige BOOLC ar chaighdeán na n-iarratas agus shonraigh go raibh na tionscadail sa chéad chúig cinn de na tionscadail a cuireadh isteach go náisiúnta. I measc na dTionscadal breise um Obair don Aos Óg a bronnadh ar BOOLC le linn 2017, bhí:

- Ceadaíodh Seirbhís nua Samplach Luach ar Airgead do cheantar Gharraí Eoin i gCathair Luimnigh. Shainaithin Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh & Comhpháirtíocht PAUL an ceantar mar cheantar faoi mhíbhuntáiste mór agus nach raibh ag baint buntáiste as athinfheistíocht, agus gan a bheith mar chuid den athnuachan -20.70 (Haase Pratschke) um dhíothú. Aithnítear chomh maith an easpa seirbhísí agus tá ocht gcéad duine óga faoi aois 18 ina gcónaí sa cheantar. Cuirfear próiseas tairisceana i bhfeidhm don tionscadal nua seo.
- Bronnadh méadú ar Thionscadal Óige Foróige Chromadh atá ag feidhmiú ó mhí na Bealtaine 2000 mar thionscadal aon oibrí, rud nach dtagann leis na treoirlínte dea-chleachtais le haghaidh tionscadail óige a mholann tionscadail a bhfuil beirt ag obair ann. Déileálann an tionscadal le líon suntasach mac léinn atá ag leibhéal baoil 2/3 den tsamhail Hardiker. Bainfear úsáid as an maoiniú chun an tionscadal a mhéadú le go mbeidh beirt oibrí ag obair ar an tionscadal

**AGUISÍN 1**
**CLÁIR AGUS SEIRBHÍSÍ BHORD OIDEACHAIS & OILIÚNA LUIMNIGH AGUS AN CHLÁIR:**

**BOOLC: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA**

- Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir: Ceannoifig Luimnigh
    - (Seirbhísí Corparáideacha, TFC, Acmhainní Daonna, Airgeadas)
    - Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir: Oifig an Chláir (Caipiteal agus Soláthar)

**Iar-Bhunscoileanna**

**Coláistí Pobail**

Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh
Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh
Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir
Gaelcholáiste Luimnigh, Meall Sir Harry, Luimneach
Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Luimneach

**Scoileanna Pobail**[2]

Pobalscoil Eoin Baiste, Ospidéal, Co. Luimnigh
Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir
Scoil Phobail Naomh Caimín, Sionainn, Co. an Chláir
Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Co. an Chláir

**Coláiste Breisoideachais**

Coláiste Breisoideachais Luimnigh (Suíomh for-rochtana i gColáiste na Ceapaí Móire)

**Ionaid Oideachais Allamuigh**

Ionad Oideachais Allamuigh na Boirne, Co. an Chláir
Ionad Oideachais Allamuigh Chill Fhionáin, Co. Luimnigh

**Obair don Ógra**

Oifigeach Óige, Cathair Luimnigh
Oifigeach Óige, Co. Luimnigh
Oifigeach Óige, Co. an Chláir

**Soláthar Oideachais Ceoil**

Scoil Cheoil Luimnigh
Music Generation Chathair Luimnigh
Music Generation an Chláir
Maoin Cheoil an Chláir[3]

---

[2] Faoi chomhphátrúnacht an údaráis
[3] Arna mhaoiniú trí Chomhoibriú le hInstitiúidí Eile

**Soláthar Seirbhísí Oiliúna**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Campas an Ráithín, Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Eastát Tionsclaíocht na Shionainne, Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir
Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais BOOLC, LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach

**Soláthar Lánaimseartha**

**IAT – Iar-Ardteistiméireacht**

Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - An tIonad Glas (Coláiste Orgánach), Drom Collachair, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - An tIonad Glas (Coláiste Orgánach), Drom Collachair, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Scairbhe, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Sheanghualann, Co. Luimnigh

**Soláthar Oideachais agus Oiliúna Athdheise don Óige**

**Ógtheagmháil**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas an Ospidéil, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Shráid na Cathrach, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Sheanghualann, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Átha an Ghabhann, Sionainn, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Thuaim Gréine, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chrois Theach na Foraire, Cathair Luimnigh

**Ionaid Oiliúna Pobail**

Cathair Luimnigh - faoi choimirce Sheirbhís Óige Luimnigh
Inis - faoi choimirce Sheirbhís Óige an Chláir

**Soláthar Páirtaimseartha**

**Litearthacht, An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Oideachas Pobail, Scileanna don Obair**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas an Chaisleáin Nua, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Scairbhe, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Lár Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, Co. an Chláir

**Comhoibriú le hInstitiúidí Eile**[4]

Scoil Chaitríona Nic Amhlaidh
Céim ar Chéim
Ionad Tacaíochta Inimirceach an Chláir
Coiscéim
Cura (Tacaíocht do Thuismitheoirí agus do Dhéagóirí, Ionad Seirbhísí Sóisialta Luimnigh)
Mol Foghlama Luimnigh
An tIonad do Dhaoine Dífhostaithe
Aonad Oideachais Phríosún Luimnigh
Scoil Cheoil Luimnigh
Seirbhís Óige Luimnigh
Maoin Cheoil an Chláir
Scoil Speisialta Naomh Anna
Scoil Speisialta Naomh Cainnigh (Cnoc Naomh Uinseann)

**Seirbhísí Sóisialta**

Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
Cumann Scléaróise Iolraí
Ionad Pobail na mBodhar
Deaf Hear
Le Chéile, Cumann Meabhairshláinte Luimnigh
Cúram Rehab
Ionad Cúram Lae Belfield
Cumann Alzheimer
5B Ospidéal Ollscoile Luimnigh
Bráithre na Carthanachta
Ionad Lae Inis Cara

**Óige an Phobail faoi Mhíbhuntáiste**

Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Baile Uí Neachtain
Foireann Pobail um Mí-Úsáid Substaintí
Tionscadal Forbartha Pobail Gharraí Eoin
Tionscadal Forbartha Pobail Chathair Luimnigh
Comhpháirtíocht Spóirt Chathair Luimnigh
Ionad Óige Mhuire Lourdes
Ionad Cheantar an Chnoic Theas
Tionscnamh Óige an Deiscirt
Scoil 3 a Chlog Chill Liaile

**Seirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (IRGSS)**

IRGSS Chathair agus Chontae Luimnigh, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
IRGSS Chontae an Chláir, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir

**Seirbhísí Tacaíochta Forbartha BOaO**

An tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Seirbhís Tacaíochta Taighde agus Forbartha, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Seirbhís Tacaíochta um Rannphairtíocht Lucht Fiontraíochta, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas an Ráithín, Luimneach

[4] Eolas bunaithe ar 2017/18